



Bealtaine 2026

A Phríomhoide, a chara,

An bhliain seo cuireadh tús le foghlaim ghairmiúil múinteoirí chun tacú le Creatchuraclam na Bunscoile (CCB), agus tá imeachtaí dúnadh scoile CCB Lá 2 ar siúl faoi láthair. Mar is eol duit ó [Chiorclán 0052/2026](#) cuirfear tús le feidhmiú Churaclam athfhorbartha na Bunscoile i scoileanna ó 2026/2027 i leith.

Le tús na scoilbhliana 2026/2027, is féidir le scoileanna úsáid a bhaint as tacaíocht arna héascú ag Oide in aon réimse curaclaim amháin gach bliain, agus glacfaidh gach réimse dhá bhliain le hé a fheidhmiú go hiomlán (féach ar Léaráid 1 i [gCiorclán 0067/2025](#))

Tugann Oide cuireadh do scoileanna anois chun iarratas a chur isteach ar thacaíocht le haghaidh feidhmiú curaclaim ar feadh na scoilbhliana 2026/2027. Is iad seo a leanas na roghanna atá ar fáil:

- Folláine

Bíodh Folláine ar cheann de na chéad trí réimse curaclaim atá le feidhmiú.

- Oideachas Ealaíon

Is é feidhmiú na Sonraíochta athfhorbartha le haghaidh an Oideachais Ealaíon fócas na tacaíochta sin.

- Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (ETIM)

Ailíneofar an tacaíocht leis an tsonraíocht le haghaidh Oideachais Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta. Beidh tacaíocht le haghaidh Churaclam Bunscoile na Matamaitice ar fáil do scoileanna nuair a bheifear ag glacadh le hiarratais maidir le tacaíocht ionscoile i dTéarma 1 2026/2027.

- Oideachas Sóisialta agus Imshaoil (OSI)

Is é feidhmiú na Sonraíochta athfhorbartha le haghaidh OSI fócas na tacaíochta sin.

- Teanga

Díreofar an tacaíocht seo ar sholáthar foghlama gairmiúla a bhaineann le cuir chuige oideolaíochta i dtaobh foghlaim teanga agus teagasc teanga, lena n-áirítear comhtháthú Nuatheangacha lasachta mar chuid de Churaclam Teanga na Bunscoile.



Tabhair do d'aire go mbeidh Uasoiliúint Teangacha lasachta chun ullmhú le haghaidh feidhmiú Nuatheangacha lasachta á héascú fós ag PPLI/Déanann Teangacha Nasc, tá a thuilleadh sonraí ar fáil ar [Uasoiliúint Teangacha | Déanann Teangacha Nasc](#). Leanfaidh an clár *Cuir Fáilte roimh Theangacha* ar aghaidh, féach ar: *Teangacha [Leibhéal na Bunscoile | Déanann Teangacha Nasc](#)*.

Beifear ag glacadh le hiarratais ar thacaíocht le haghaidh feidhmiú curaclaim ón gCéadaoin, an 20 Bealtaine, agus beifear ag glacadh leo go dtí Dé hAoine, an 19 Meitheamh 2026, rud a ligeann do scoileanna a machnamh a dhéanamh ar an ordú de réir a rogha. Tá treoracha mionsonraithe maidir leis an bpróiseas iarratais le fáil thíos.

Sannfaidh Oide ceannaire foghlama gairmiúla do gach scoil chun tacú leis an réimse curaclaim ábhartha, agus cuirfear rogha do scoile san áireamh a oiread is is féidir. Tá dhá lá dúnadh scoile sannaithe agus aon chuairt ionscoile amháin ina chuid de thacaíocht le haghaidh feidhmiú curaclaim a éascóidh Oide. Cuirfidh Oide in iúl do do scoil go luath i dTéarma 1 2026/2027 an réimse curaclaim a sannadh duit, chomh maith le dhá dháta dúnadh scoile a éascóidh Oide chun tacú le feidhmiú curaclaim.

Tabhair do d'aire go mbeidh Oide i dteagmháil le gach scoil níos déanaí sa téarma seo maidir le do lá dúnadh scoile le haghaidh Feasacht Teanga, agus i dteagmháil leis na scoileanna sin i gCohórt 2 maidir lena bhfoghlaim ghairmiúil le haghaidh Cosaint Leanaí.

Tá Oide ag súil le tacú leat, agus le do scoil, le feidhmiú churaclam athfhorbartha na bunscoile.

Le gach dea-ghuí



Dr. Pádraig Kirk

Stiúrthóir Bainistíochta



Chun iarratas a dhéanamh ar Thacaíocht le haghaidh Feidhmiú Curaclaim 2026/2027, tabhair cuairt ar Thairseach na Tacaíochta Scoile [anseo](#).

Beidh na sonraí logála isteach seo a leanas ag teastáil:

- Uimhir Rolla na Scoile: [school_roll_number]
- Pasfhocal: [pasfhocal]

Agus tú logáilte isteach:

1. Faoi 'Current Available Applications', beidh 'Tacaíocht do chur i bhfeidhm Curaclaim/Curricular Enactment Support' le feiceáil.
2. Cliceáil 'Apply'
3. Cuir uimhir le gach réimse curaclaim 1-5 in ord de réir rogha. Tabhair faoi deara gur gá gach réimse curaclaim a roghnú.
4. Léigh agus deimhnigh na sonraí a thugtar.
5. Cliceáil 'Submit' chun an t-iarratas a chur i gcrích.

Tabhair faoi deara nach féidir d'iarratas a chur in eagar tar éis duit é a chur isteach. Má tá aon cheist agat nó má theastaíonn uait aon athrú a dhéanamh tar éis an iarratais, déan teagmháil le eolas@oide.ie.